



Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2016–2017

Uimhir Láirionaid

--	--	--	--	--

Uimhir larrthóra

--	--	--	--

Eolaíocht Teastas Dúbailte: Ceimic

Aonad C1
Ardsraith



[GSD22]

DÉARDAOIN 10 SAMHAIN 2016, MAIDIN

AM

1 uair an chloig.

TREOR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Láirionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá prioritálte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist 3(d).
Tá Bileog Sonrai, ina bhfuil Tábla Peiriadach na nDúl, istigh sa scrúdpháipéar seo.

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	

Marc iomlán	

1 Tá sé cháithnín liostaithe thíos:



Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc
	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>

Ón liosta cáithní í thuas, luaigh sampla de na rudaí seo a leanas:

(a) adamh

_____ [1]

(b) comhdhúil

_____ [1]

(c) ian móilíneach

_____ [1]

(d) móilín halaigine

_____ [1]

2 Sa tábla thíos, tá faisnéis ar intuaslagthacht roinnt gás ag teochtaí difriúla.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

Gás	Foirmle	Intuaslagthacht ag 10 °C g/100 g uisce	Intuaslagthacht ag 20 °C g/100 g uisce
argón	Ar	0.79	0.59
nítrigin	N ₂	0.28	0.18
dé-ocsaíd charbóin	CO ₂	0.25	0.17
ocsaigin	O ₂	0.57	0.44
clóirín	Cl ₂	1.00	0.71

Bain úsáid as an fhaisnéis sa tábla agus as do chuid eolais féin leis na ceisteanna a leanann a fhreagairt:

- (a) (i) Cuir síos ar an treocht san intuaslagthacht do na gáis seo de réir mar a ardaíonn an teocht.

[1]

- (ii) Cé acu gás is mó intuaslagthacht ag 20 °C?

[1]

- (iii) Cé acu gás is lú intuaslagthacht ag 10 °C?

[1]

- (iv) Cé acu gás a raibh an t-athrú is lú ar a intuaslagthacht de réir mar a mhéadaigh an teocht?

[1]

- (v) Liostaigh na gáis sa tábla atá dé-adamhach.

[2]

- (vi) Cé acu gás, liostaithe sa tábla, atá tocsaineach?

[1]


- (b)** Rinneadh uisce te ó mhonarcha a scaoileadh amach in abhainn áitiúil. Bhí tuairiscí ann go bhfuair éisc bás.

Cuir na focail atá ar iarraidh isteach leis na habairtí a chomhlánú:

(i) Is féidir cur síos air seo mar thruailliú _____. [1]

(ii) Faigheann na héisc bás cionn is nach bhfuil go leor _____ acu. [1]

- (c)** Léirítear na cuair intuaslagthachta do thrí sholad thíos.



Dhá cheann de na cuair intuaslagthachta seo, léiríonn siad an treocht normalach d'intuaslagthacht na solad.

(i) Cad é an treocht seo?

[1]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- (ii) Cad é an mhais de bhróimíd photaisiam (KBr) a thuaslagtar i dtuaslagán sáithithe, in 100 g uisce, ag 35 °C?

_____ g [1]


- (iii) Déantar tuaslagán sáithithe de bhróimíd photaisiam (KBr) in 50 g uisce a fhuarú ó 35 °C go dtí 14 °C.

Ríomh mais na gcriostal a dheascfar ag 14 °C.


Taispeán do chuid oibre.

Freagra _____ g [3]


- 3 (a) Na léaráidí thíos, taispeánann siad céimeanna difriúla i dtáirgeadh criostail sulfáit chopair ó ocsaíd chopair agus aigéad sulfarach caol te. Níl siad san ord cheart.



B



C



D

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

Tarlaíonn Céim **D** ar dtús nuair a chuirtear ocsaíd chopair le haigéad sulfarach caol te. Luáigh an t-ord ceart do na trí chéim a leanann céim **D**:

D ansin _____ ansin _____ ansin _____ [1]

- (b) Comhlánaigh an chothromóid siombailí don imoibriú idir aigéad sulfarach agus ocsaíd chopair.



- (c) Déanann carbónáit chopair imoibriú le haigéad sulfarach fosta le criostail sulfáit chopair a tháirgeadh.

- (i) Cad é an dath atá ar carbónáit chopair sholadach?

_____ [1]

- (ii) Cad é an gás a foirmítear nuair a dhéanann carbónáit chopair imoibriú le haigéad sulfarach?

_____ [1]

- (d) Agus ocsaíd chopair agus aigéad sulfarach caol te ann ar dtús, cuir síos ina ionmláine ar an dóigh a dtáirgféá sampla de chriostail sulfáit chopair trí na ceithre chéim atá taispeánta i gcuid (a) a dhéanamh.

Ba chóir go gcuimseodh do fhreagra:

- ainmneacha na bpíosaí trealaímh uilig a bheadh in úsáid
- míniú ar na céimeanna a dhéanfá
- aon réamhchúraimí sábháilteachta a bheadh riachtanach
- dathanna na substaintí uilig atá bainteach leis

Measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat lena n-áirítear úsáid saintearmaí eolaíocha.

[6]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- 4 An tábla thíos, tugann sé faisnéis ar na cáithníní P, Q, R, S agus T. Úsáid an fhaisnéis seo leis na ceisteanna a leanann a fhreagairt.

Cáithnín	Líon na bprótón	Líon na leictreon	Líon na neodrón
P	6	6	8
Q	18	18	22
R	6	6	6
S	11	10	12
T	17	17	20

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc
	<input type="radio"/>	<input type="radio"/>

(a) Cé acu cáithnín P, Q, R, S nó T ar triathghás é?

_____ [1]

(b) Cé acu cáithnín P, Q, R, S nó T ar ian é?

_____ [1]

(c) Cé acu dhá cháithnín ar iseatóip iad den dúil chéanna?

_____ agus _____ [1]


(d) Cad é an uimhir adamhach atá ag cáithnín T?

_____ [1]

(e) Cad é an mhaisuimhir atá ag cáithnín S?

_____ [1]


(f) Úsáid an léaráid thíos leis an struchtúr leictreonach atá ag cáithnín T a tharraingt.



[1]

- 5 Sa léaráid thíos, taispeántar an cóiriú leictreonach i móilín dé-ocsaíd charbóin. Ní thaispeántar ach na leictreoin sheachtracha.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



(a) (i) Cá mhéad **dís aonair** de leictreoin atá ag an mhólín seo?

_____ [1]

(ii) Cá mhéad **dís chomhroinnte** de leictreoin atá taispeánta?

_____ [1]

(iii) Cad é an t-ainm a thugtar ar an chineál de nascadh i ndé-ocsaíd charbóin?


_____ [1]

(b) Úsáid léaráid phoncanna is chros leis na leictreoin **uilig** a thaispeáint i nascadh an gháis nítrigin.

[3]

- 6 Taispeánann an léaráid cóiriú na gcáithníní i solad X.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



- (a) Sainaithin agus mínígh an cineál de nascadh i solad X.

[3]

- (b) Tuar agus mínígh **dhá** airí fhisiceacha a mbeifeá ag dúil le bheith ag solad X.

1. Airí _____

Míniú _____

2. Airí _____

Míniú _____

[4]

- (c) Foirmíonn maignéisiam comhdhúile le struchtúr atá cosúil le struchtúr X. Cuir síos, i dtéarmaí na leictreon, ar an dóigh a bhfoirmíonn maignéisiam comhdhúil le sulfar.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

[4]

- (d) Sa spás thíos, tarraing léaráid lipéadaithe leis an nascadh sa mhiotal maignéisiam a thaispeáint.

[3]

7 Déanann litiam imoibriú le fluairín le fluairíd litiam a fhoirmiú.

- (a) Scríobh cothromóid chothromaithe siombailí d'imoibriú litiam le fluairín.

[3]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc
	<input type="circle"/>	<input type="circle"/>

- (b) Déanann sóidiam imoibriú le fluairín festa le salann a tháirgeadh. Mínigh cad chuide a n-imoibríonn sóidiam agus litiam ar dhóigh atá an-chosúil.

[3]

- (c) Is féidir na miotail litiam agus sóidiam a fháil óna salainn trí leictrealú.

- (i) Mínigh cad é a chiallaíonn an téarma leictrealú.

[2]

- (ii) Úsáidtear leictreoidí graifíté i leictrealú salainn sóidiam agus salainn litiam.

Luaigh dhá airí de chuid graifíté a fhágann go bhfuil sí fóirsteanach le húsáid mar leictreoidí.

1. _____

2. _____ [2]

- (d) Tarlaíonn imoibrithe ag an dá leictreoid le linn leictrealú fluairíd litiam.

- (i) Imoibríonn iain fluairíde ag an anóid. Scríobh leathchothromóid chothromaithe don imoibriú seo.

[3]

- (ii) Scríobh an leathchothromóid don imoibriú ag an chatóid.

[2]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.